



# Déan COMHRÁ

Urraithe ag



Foras na Gaeilge

Gaeloideachas



Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta



Éist  
liom!

## Fáilte

Tá an leabhrán seo dírithe ar theaghlaigh a bhfuil leanbh leo ag freastal ar naíolann nó naíonra lán-Ghaeilge. Tá sé lán le foclóir úsáideach a bhféadfaí a úsáid sa bhaile leis an teanga a shní isteach sa saol laethúil. Tá go leor buntáistí ag baint leis an nGaeilge a úsáid sa bhaile agus is cinnte go gcabhróidh moladh agus spreagadh uait féin le do chlann éirí níos muiníní sa teanga. Má fheiceann leanaí go bhfuil an bheirt agaibh díograiseach agus dearfach i leith na teanga, beidh an meon céanna acu. Is fiú go mór breathnú ar ár suíomhanna idirlíne [IrishForParents.ie](http://IrishForParents.ie), [GaeilgeDonNaionra.ie](http://GaeilgeDonNaionra.ie) agus ár gcainéal ab ainm Gaeloideachas ar YouTube; áiteanna a bhfuil níos mó acmhainní atá dírithe ar na sainriachtanais teanga atá ag tuismitheoirí/caomhnóirí. Cabhróidh na suíomhanna go mór leat cur le do stór focal ar théamaí éagsúla ábhartha, an chluastuiscint a chleachtadh agus cur le do chuid eolais ar struchtúir na teanga. Tá súil againn go mbeidh spraoi agaibh ar an aistear seo le chéile. Bainigí triail as!

This booklet is aimed at families who have a child attending an Irish immersion crèche or preschool. It is full of simple, practical vocabulary that can be used at home together to linguistically enrich day-to-day life. There are many benefits of speaking Irish at home with children and we hope that these words and phrases will help make Irish part of your daily routine. You can help children build on their confidence and improve their Irish by making it part of their lives outside of the classroom. It will help them greatly to have regular, practical reasons for using the language. If they see that both their parents are enthusiastic and positive about our language, they will be too! To improve your Irish further by using this booklet alongside our websites [IrishForParents.ie](http://IrishForParents.ie), [GaeilgeDonNaionra.ie](http://GaeilgeDonNaionra.ie) and the Gaeloideachas channel on YouTube. You can find many excellent resources which have been specifically developed for the language requirements of parents/guardians of children in Irish-medium education. The online aids will help you build vocabulary based on relevant topics, help your understanding of spoken Irish through video and audio files and you can learn more about language structures. We hope you have fun on this journey together. Bainigí triail as!

# Ábhar

## Contents

Beannachtaí & nathanna eile ag doras an Naíonra 4

Greetings & other phrases at the door of the Naíonra

An teaghlach agus a mhuintir 6

The family and their extended family

An naíolann 8

The nursery

Clós súgartha 9

Playground

Tinneas 10

Sickness

Bréagáin agus súgradh 13

Toys and play

Sárlaochra 15

Superheroes

Rialacha agus treoracha 16

Rules and directions

Abairtí áisiúla 17

Useful phrases

Ar ais sa bhaile 18

Back at home

Scéalta: Cois farraige 19

Stories: At the seaside

Moladh agus cion 20

Praise and love

Dea-bhéasach i gcónaí 21

Always polite

Scéalta: Ainmhithe thar lear 21

Stories: Animals abroad

Bia agus deoch 21

Food and drink

Béilte 22

Meals

An teach 24

The house

Am luí / Am codlata (codalta) 25

Bedtime

Scéalta: Ainmhithe ar an bhfeilm/bhfeirm 29

Stories: Animals on the farm

An cholainn 29

The body

Éadaí 30

Clothes

Dathanna 32

Colours

Cruthanna 34

Shapes

Lá agus oíche 35

Day and night

Laethanta na seachtaine 35

Days of the week

Míonna 36

Months

Ráithí 37

Seasons

An aimsir 37

The weather

Áiseanna ar líne 38

Online aids

Foghraíocht na Gaeilge 39

The pronunciation of Irish

# Beannachtaí & nathanna eile ag doras an Naíonra

## Greetings & other phrases at the door of the Naíonra



Greetings in Irish can be directed at one or more people.  
For the plural versions below change:

tú -> sibh  
duit -> daoibh \*  
agat -> agaibh  
leat -> libh

*\*duit and daoibh are often pronounced as dhuit and dhaoibh.*

|                                                                        |                                                                             |
|------------------------------------------------------------------------|-----------------------------------------------------------------------------|
| Good morning                                                           | Dia dhuit ar maidin / Móra dhuit ar maidin<br>Maidin mhaith (agat/agaibh)!  |
| Everyday greeting                                                      | Dia dhuit / Móra dhuit / Dia leat                                           |
| Hello (answer to Dia dhuit)                                            | Dia is Muire dhuit                                                          |
| Hello (to more than one person)                                        | Dia dhaoibh                                                                 |
| Hello (answer to above)                                                | Dia is Muire dhuit/dhaoibh                                                  |
| Hi                                                                     | Haigh / Móra / Hóra                                                         |
| How are you? / How's it goin? /<br>How's it cuttin? / How are we? Etc. | Conas atá tú? / Cén chaoi a bhfuil tú? /<br>Cad é mar atá tú? / Aon scéala? |
| I'm well, thank you                                                    | Táim go maith, go raibh maith agat                                          |
| I'm grand, and yourself?                                               | Táim go breá, agus tú féin?                                                 |
| What's your name?                                                      | Céard is ainm duit?<br>Cén t-ainm atá ort?                                  |
| Who are you?                                                           | Cé thú féin?                                                                |
| My name is Áine, Sinéad's mother.                                      | Áine is ainm dom, máthair Shinéad.                                          |
| I'm Sadhbh                                                             | Is mise Sadhbh                                                              |
| My name is Conall, Seán's father.                                      | Conall is ainm dom, athair Sheáin.                                          |
| Nice to meet you                                                       | Is deas bualadh leat<br>Is deas casadh/castáil leat                         |
| Nice to see you again                                                  | Is deas tú a fheiceáil arís                                                 |
| Long time no see                                                       | Ní fhaca mé le fada thú                                                     |
| Goodbye (said to person leaving)                                       | Slán leat                                                                   |

Haigh  
a chara



|                                                             |                                                                       |
|-------------------------------------------------------------|-----------------------------------------------------------------------|
| Goodbye (said to person staying)                            | Slán agat                                                             |
| Bye for now                                                 | Slán go fóill/fóillín/fóilleach                                       |
| I'll see you tomorrow                                       | Feicfidh mé amárach thú                                               |
| See ye later                                                | Feicfidh mé ar ball sibh                                              |
| Have a nice weekend (plural)                                | Bíodh deireadh seachtaine deas agaibh                                 |
| Have fun / Enjoy it [plural]                                | Bain sult as [bainigí sult as]                                        |
| Congratulations!                                            | Comhghairdeas! / Comhghairdeachas!                                    |
| Good luck!                                                  | Ádh mór! / Go n-éirí leat!                                            |
| Happy birthday to you!                                      | Lá breithe (breithlá)<br>sona dhuit!                                  |
| Happy Christmas to you!                                     | Nollaig Shona dhuit!                                                  |
| A very prosperous New Year to you!                          | Athbhliain faoi shéan is<br>faoi mhaise dhuit!                        |
| Do ye have a babysitter/childminder?<br>I'm looking for one | An bhfuil feighlí leanaí (/gogamán)<br>agaibh? Táim sa tóir ar cheann |
| Lets go inside (to child)                                   | Isteach linn                                                          |
| Be good and have a lovely day!                              | Bí go maith agus bíodh lá álainn agat!                                |
| I forgot her/his lunch box                                  | Dhearmad mé a bosca/bhosca lóin                                       |
| I'll collect (name) at (number) o'clock                     | Baileoidh mé (ainm) ar (uimhir) a chlog                               |
| The form is left at home unfortunately                      | Tá an fhoirm fágtha sa bhaile faraoir                                 |
| Can I have a word with you?                                 | An bhféadfainn labhairt leat?                                         |
| Are you free (to talk)?                                     | An bhfuil tú saor?                                                    |
| Could I have a word with you<br>in private?                 | An bhféadfainn labhairt leat go<br>príobháideach?                     |
| I would like to speak to (name)                             | Ba mhaith liom labhairt le (ainm)                                     |
| I'm here to collect (name)                                  | Táim anseo chun (ainm) a bhailiú                                      |

*Bíonn gach duine lách go dtéann bó ina gharraí.*

# An teaghlach agus a mhuintir

## The family and their extended family



|                                      |                                                      |
|--------------------------------------|------------------------------------------------------|
| parent - couple - offspring          | tuismitheoir - lánúin - clann                        |
| parents                              | tuismitheoirí / tuistí                               |
| mother – mammy/mam/ma                | máthair – mamaí/mam<br>(mamaí is pronounced mam-wee) |
| father – da/dad/daddy                | athair – deaide/daidí                                |
| daughter - my daughter               | iníon - m'iníon                                      |
| son - my son                         | mac - mo mhac                                        |
| brother / sister                     | deartháir / deirfiúr                                 |
| grandfather – grandad                | seanathair – daideo                                  |
| grandmother – granny/nanny           | seanmháthair – mamó/móraí                            |
| granddaughter – grandson             | gariníon – garmhac                                   |
| great grandmother                    | sin-seanmháthair / mamó mór                          |
| great grandchild                     | fionnó                                               |
| aunt – uncle (not traditional terms) | aintín – uncail                                      |
| first cousin – second cousin         | col ceathrar – col seisear                           |
| nephew – niece                       | nia – neacht                                         |
| husband                              | fear céile                                           |
| wife                                 | bean chéile                                          |
| my partner                           | mo chéile/pháirtí                                    |
| stepfather – stepmother              | leasathair – leasmháthair                            |
| stepdaughter – stepson               | leasiníon – leasmhac                                 |
| stepbrother                          | leasdeartháir                                        |
| half-sister                          | leathdeirfiúr                                        |
| twins – twin                         | cúpla – leathchúpla                                  |
| How many brothers do you have?       | Cé mhéad deartháir atá agat?                         |
| How many sisters do you have?        | Cé mhéad deirfiúr atá agat?                          |
| I have one brother/sister            | Tá deartháir/deirfiúr amháin agam                    |



|                                                                  |                                                                |
|------------------------------------------------------------------|----------------------------------------------------------------|
| I have two brothers                                              | Tá beirt deartháireacha agam                                   |
| I have two sisters                                               | Tá beirt deirfiúracha agam                                     |
| I have no brothers or sisters                                    | Níl deartháir ná deirfiúr agam                                 |
| I am an only child                                               | Is leanbh aonair mé                                            |
| How many children do you have?                                   | Cé mhéad atá i do chlann?<br>Cé mhéad leanbh atá agat?         |
| I have one daughter/son                                          | Tá iníon/mac amháin agam                                       |
| I have two sons                                                  | Tá beirt mhac agam                                             |
| I have two daughters                                             | Tá beirt iníonacha agam                                        |
| They are twins                                                   | Is cúpla iad                                                   |
| Fionn is the eldest one                                          | Is é Fionn an duine is sine                                    |
| Saoirse is the youngest one                                      | Is í Saoirse an ceann is óige                                  |
| Cian is in the middle                                            | Tá Cian sa lár                                                 |
| What age is he/she?                                              | Cén aois é/í?                                                  |
| He is one year old                                               | Tá sé bliain d'aois                                            |
| She is one and half years old                                    | Tá sí bliain go leith d'aois                                   |
| He is (almost) two years old                                     | Tá sé (beagnach) dhá bhliain d'aois                            |
| She is two years old next month                                  | Tá sí dhá bhliain d'aois an mhí seo chugainn                   |
| He is three/four/five/six years old                              | Tá sé trí/ceithre/cúig/sé bliana d'aois                        |
| She is seven/eight/nine/ten years old                            | Tá sí seacht/ocht/naoi/deich mbliana d'aois                    |
| She is only five months old                                      | Níl sí ach cúig mhí d'aois                                     |
| Her/his birthday is on Sunday, he/she will be three (years old). | Tá a lá breithe Dé Domhnaigh, beidh sé/sí trí (bliana d'aois). |
| Her/his birthday will be in May                                  | Beidh a lá breithe i mBealtaine                                |

*Is fearr beagán den ghaol ná mórán den charthanas.*

# An naíolann

## The nursery



|                                    |                                                     |
|------------------------------------|-----------------------------------------------------|
| babygrow / sleepsuit / onesie      | naíbheart                                           |
| beaker / baby cup                  | bleidhe / cuinnín                                   |
| blanket – blankie                  | pluid – pluidín                                     |
| bottle – teat                      | buidéal (linbh) – dide                              |
| bottle warmer                      | téitheoir buidéil                                   |
| (high/baby) chair with tray etc.   | naíchathaoir                                        |
| a changing mat – the               | mata clúidíní – mata na gclúidíní                   |
| cradle – rocking cradle            | cliabhán – cliabhán luascáin                        |
| crawler – crawling                 | lámhacánaí – ag lámhacáin                           |
| feces – child's version            | cac – caicín                                        |
| Did you make a cac?                | An bhfuil caicín déanta agat?                       |
| infant (young – older)             | bunóc – naíonán / báibín / babáí                    |
| He loves to rub the label          | Is aoibhinn leis an lipéad a chuimilt               |
| a leash                            | iall (linbh)                                        |
| a mobile                           | siogarlán / craobh aonaigh                          |
| Mose's basket                      | cliabhán caolaigh                                   |
| nappy / diaper                     | clúidín                                             |
| nappy bin / diaper pail – the      | araid chlúidíní – araid na gclúidíní                |
| play pen                           | lios súgartha                                       |
| purée – jar/pouch of               | liothrach – próca/spagán liothraigh                 |
| a rattle                           | gligín                                              |
| a sling / wrap                     | iris (bhrád)                                        |
| soother / dodie / dummy            | gobán (súraic) / dúidín                             |
| stroller/pushchair/pram - car seat | naíchóiste – suíochán linbh                         |
| tantrum                            | taghd                                               |
| She threw a (big) tantrum          | Tháinig taghd (/cochall) uirthi<br>Bhuail taghd léi |
| teddy bear                         | teide / teidí / béirín                              |
| teething ring                      | fáinne ghearradh fiacra                             |
| (paper) tissues                    | ciarsúir (pháipéir)                                 |




|                                    |                               |
|------------------------------------|-------------------------------|
| toddler (young child – new walker) | tachrán – spágadán            |
| urine – child’s version            | mún / fual – múinín           |
| vest / bodysuit / onesie           | ionar cnis                    |
| wet wipe – wet wipes               | ceirtín tais – ceirtíní taise |

*Is geal leis an bhfiach dubh a ghearrcach féin.*

## Clós súgartha Playground



|                               |                                    |
|-------------------------------|------------------------------------|
| balancing beam/log            | spreota cothromaíochta             |
| climbing frame                | creatlach / fráma dreapadóireachta |
| climbing net                  | eangach dhreapadóireachta          |
| bridge                        | droichead                          |
| hopscotch                     | cleas na bacóide                   |
| playhouse                     | teachín spraoi/súgartha            |
| puzzle wall                   | balla mearaí                       |
| sandpit                       | poll gainimh                       |
| seesaw                        | crandaí bogadaí                    |
| slide – ladder                | sleamhnán – dréimire               |
| carousel / spinning wheel     | roithleán spraoi                   |
| springer (giant spring)       | lingeadáin                         |
| swings                        | luascadáin                         |
| the fence                     | an sonnach                         |
| the gate – open it – close it | an geata – oscail é – dún/druid é  |
| tunnel                        | tollán                             |
| zip line                      | trascaoileán                       |



# Tinneas

## Sickness



Sickness in Irish is something that temporarily comes on us.

To change the person afflicted:

on me = orm

on you = ort

on him = air

on her = uirthi

|                             |                                |
|-----------------------------|--------------------------------|
| a bandage                   | bindealán                      |
| a blister                   | spuaic / clog / cloigín        |
| broken / fractured          | briste / scoilte               |
| a bruise                    | ballbhrú                       |
| chemist / pharmacy          | cógaslann / poitigéir          |
| a cold – head cold          | slaghdán – slaghdán smaoiseach |
| conjunctivitis / pink eye   | toinníteas                     |
| constipation                | iatacht / triomach             |
| Is it contagious?           | An bhfuil sé tógalach?         |
| She was coughing last night | Bhí sí ag casacht aréir        |
| cough – chesty cough        | casacht – colfarsach           |
| cream – ointment – gel      | uachtar – ungadh – gló         |
| croup                       | tochtán                        |
| crying (with noise made)    | ag caoineadh                   |
| crying / weeping – tears    | ag gol – deora                 |
| a cut – blood – bleeding    | gearradh – fuil – ag cur fola  |
| diarrhoea                   | buinneach (sciodar)            |
| disease / sickness          | galar / aicid                  |
| doctor – nurse              | dochtúir (lia) – altra         |
| earache                     | tinneas cluaise                |
| eye discharge during sleep  | brach                          |




|                                          |                                               |
|------------------------------------------|-----------------------------------------------|
| She got over the sickness quickly        | Chuir sí an tinneas di go tapa/sciobtha/gasta |
| hand, foot and mouth disease             | galar lámh, cos is béil                       |
| head lice                                | míolta gruaige / babhdaithe                   |
| headache                                 | tinneas cinn                                  |
| high temperature – fever                 | teocht ard – fiabhras                         |
| hoarse                                   | piachán / slócht                              |
| hospital – ambulance                     | otharlann / ospidéal – otharcharr             |
| Where are you hurt – sore?               | Cá bhfuil tú gortaithe – tinn?                |
| ice pack/pouch                           | spagán oighir                                 |
| impetigo                                 | impitíogó                                     |
| inflammation                             | athlasadh                                     |
| She has an itch                          | Tá tochas uirthi                              |
| She is scratching herself                | Tá sí a tochas féin                           |
| measles                                  | bruitíneach                                   |
| medicine – prescription                  | leigheas – oideas                             |
| nappy rash                               | gríos clúidín                                 |
| I found nits in her hair                 | D’aimsigh mé sneá ina cuid gruaige            |
| phlegm – He coughed-up phlegm            | réama – Chuir sé réama aníos                  |
| pill / tablet                            | piollaire – piollairí                         |
| pimple / spot                            | goirín                                        |
| plaster cast (see sticking plaster also) | teilgean plástair                             |
| rash                                     | bruth / gríos                                 |
| He has recovered                         | Tá biseach air                                |
| She has fully recovered                  | Tá sí ar ais ar a sean léimt                  |
| She has a runny nose                     | Tá a srón ag silleadh                         |
| a scab – small scab                      | gearb – gearbóg                               |
| a (small) scrape                         | scríobadh (beag)                              |



|                                   |                                                    |
|-----------------------------------|----------------------------------------------------|
| a sling (to support arm)          | guailleán                                          |
| a sneeze – sneezing               | sraoth – ag sraothartach                           |
| snot – snotty                     | smaois – smaoiseach                                |
| a sore – cold sore                | cneá - spuaic shlaghdáin                           |
| Where are you sore / is the pain? | Cá bhfuil tú tinn?                                 |
| sticking plaster                  | greimlín – greimlíne / bindealáinín                |
| stomach/belly ache                | tinneas goile/boilg                                |
| stomach cramps                    | daitheacha goile                                   |
| sweat – sweating                  | allas – ag cur allais                              |
| sore throat                       | scornach thinn / sceadamán nimhneach               |
| sunburn – sun stroke              | dó gréine – goin ghréine                           |
| suncream / sunscreen – sunblock   | uachtar gréine / sciath ghréine -<br>grianbhac     |
| He is/does be tired of late       | Bíonn tuirse air le deireanaí                      |
| I am very tired after last night  | Táim traochta/spíonta tar éis aréir                |
| toothache                         | déideadh (tinneas fiacaile)                        |
| vaccine appointment               | coinne vacsaíne                                    |
| vomit                             | múisc / orla                                       |
| wheeze – She was wheezing         | cársán – Bhí cársán inti / Bhí sí ag<br>piobarnach |

*Is fearr an tsláinte ná na táinte.*



# Bréagáin agus súgradh

## Toys and play



|                                 |                                     |
|---------------------------------|-------------------------------------|
| animals – cars                  | ainmhithe – gluaisteáin             |
| big ball – small ball           | liathróid mhór – liathróid bheag    |
| bicycle – tricycle              | rothar – trothar/trírothach         |
| black board – chalk – eraser    | clár dubh – cailc – glantóir        |
| block(s) for play               | bloicín – bloicíní                  |
| board game                      | cluiche boird / cluiche cláir       |
| book – books                    | leabhar – leabhair/leabhra          |
| (small) brick(s) for play       | bríce/brícín – brící/brícíní        |
| (big) cardboard box             | bosca cairtchláir (mór)             |
| coloring pencils                | pinn luaidhe daite                  |
| colouring book                  | leabhar dathúcháin                  |
| crayons                         | criáin                              |
| doll – dolls                    | bábóg – bábóga                      |
| doll house                      | tigín bábóige                       |
| dominoes – playing cards        | dúradáin – cártaí imeartha          |
| Ye are good at drawing          | Tá sibh go maith ag tarraingt       |
| easel – paintbrush              | tacas – scuab phéinteála            |
| a football – basketballl        | liathróid peile – cispheil          |
| glue – glue stick – glue gun    | glae – bata glae – gunnán glae (te) |
| hide and seek                   | folach bíog                         |
| house built by children in play | úirín                               |
| hurley – (sports) bat           | camán – slacán                      |
| jigsaw – a jigsaw piece         | míreanna mearaí – mír               |
| kite – flag – streamer          | eitleog – bratach – sraoilleán      |
| magnet                          | maighnéad                           |
| marbles                         | mirlíní                             |



|                                |                               |
|--------------------------------|-------------------------------|
| musical instrument             | uirlis cheoil                 |
| net (big – small)              | eangach / líon – líontán      |
| paper – sheet – sheets         | páipéar – bileog – bileoga    |
| plasticine / play dough        | marla                         |
| play dough                     | taos súgartha / marla         |
| playing – fun                  | ag súgradh – spraoi           |
| playing a game                 | ag imirt                      |
| pull-along toy                 | leantán (bréagán ar iall)     |
| puppet – puppets               | puipéad – puipéid             |
| puzzles                        | cluichí mearaí                |
| railway and trains             | iarnród agus traenacha        |
| rocking horse                  | capall luascáin               |
| rug / textile mat for play     | súsa súgartha                 |
| sand box                       | bosca gainimh                 |
| scooter (for standing on)      | snián                         |
| scribble – scribbling          | scrábadh – ag scrábáil        |
| spinning top                   | caiseal                       |
| tag / tig / chase - You're it! | leasteanna - (Mo) leaist ort! |
| teddy bear                     | teide / teidí / béirín        |
| tent                           | puball                        |
| the toy storage box            | bosca na mbréagán             |
| (push) walker                  | camchairt                     |
| water pistol                   | gunnán uisce                  |
| whistle - horn/hooter/alarm    | feadóg - bonnán               |

*Is iad na bréagáin nua a bhailíonnas an slua.*





|                                                           |                                                                      |
|-----------------------------------------------------------|----------------------------------------------------------------------|
| badge                                                     | suaitheantas                                                         |
| cape (short, back length)                                 | brádóg                                                               |
| cloak (light – heavy)                                     | fallaing – brat                                                      |
| Can you fly with that?                                    | An bhfuil tú in ann eitilt leis sin?                                 |
| hammer (Thor etc) – axe                                   | cathord / lámhord – tua                                              |
| headband – crown                                          | gibne – coróin                                                       |
| headquarters – fort – cave                                | ceannáras – dún – pluais                                             |
| helmet – visor                                            | clogad – cealtair                                                    |
| hooded cloak (short – long)                               | cochlán – cochallbhrat                                               |
| Now you are invisible, I can't see you!<br>Where are you? | Anois tá tú dofheicthe, ní féidir liom tú a fheiceáil! Cá bhfuil tú? |
| jetpack, wingpack etc.                                    | eitraidín                                                            |
| magic wand                                                | slat draíochta                                                       |
| mask (around eyes only – full face)                       | púicín – aghaidh fidil                                               |
| neckerchief / bandana                                     | bráidín / bráideog                                                   |
| outfit / costume – fancy dress                            | feisteas – bréigéide                                                 |
| pistol – holster – belt                                   | gunnán – curra – crios                                               |
| rope                                                      | téad                                                                 |
| shield – strap                                            | sciath – iris                                                        |
| spear – (for throwing) – trident                          | sleá – ga – trírinn                                                  |
| superpower – superpowers                                  | sárchumhacht – sárchumhachtaí                                        |
| sword – dagger                                            | claíomh – miodóg                                                     |

*Chomh gasta/sciobtha/tapa le Caoilte mac Rónáin. Chomh láidir le Goll mac Morna. Chomh calma (cróga) le Fionn mac Cumhaill.*



# Rialacha agus treoracha

## Rules and directions



|                                                                                                                                                                  |                                                                                                                                                                                                                                               |
|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| Be nice                                                                                                                                                          | Bí go deas                                                                                                                                                                                                                                    |
| Be nice to one another                                                                                                                                           | Bígí go deas (le chéile)                                                                                                                                                                                                                      |
| Don't be playing rough, be nice                                                                                                                                  | Ná bí ag súgradh go garbh, bí go deas                                                                                                                                                                                                         |
| The play is getting too rough, settle down                                                                                                                       | Tá an súgradh ag éirí ró-gharbh, socraígí                                                                                                                                                                                                     |
| Don't do it (again)                                                                                                                                              | Ná déan (arís) é                                                                                                                                                                                                                              |
| Give (name) a chance to play with it                                                                                                                             | Tabhair deis do (ainm) súgradh leis                                                                                                                                                                                                           |
| Stop the... (- plural)<br>messing<br>rough play<br>horseplay                                                                                                     | Éirí as an... – Éirígí as an...<br>bpleidhcíocht<br>súgradh garbh<br>ramhaltaíocht                                                                                                                                                            |
| ... is/are not allowed<br>Hitting people<br>Nastiness<br>Pinching<br>Pulling of hair<br>Rough play<br>Screaming<br>Slapping<br>Spitting<br>Tantrums<br>Wrestling | Níl cead ...<br>daoine a bhualadh<br>a bheith gránna<br>liomóg a bhaint<br>gruaig a tharraingt<br>a bheith ag súgradh go garbh<br>a bheith ag béiceadh<br>boiseog a thabhairt<br>seile a chaitheamh<br>ag taghdanna<br>a bheith ag iomrascáil |
| Don't forget to ...<br>give other children a chance<br>share things with one another<br>swap (on the)<br>take turns (on the)                                     | Ná dearmad ...<br>deis a thabhairt do leanaí eile<br>rudaí a roinnt le chéile<br>malartú (ar an)<br>sealaíocht a dhéanamh (ar an)                                                                                                             |

*Is binn béal ina thost.*

## Abairtí áisiúla

### Useful phrases



|                                             |                                                    |
|---------------------------------------------|----------------------------------------------------|
| The Terrible Twos                           | Na Dónna Dána                                      |
| The experimenting/trying threes             | Na Tríonna Trialacha                               |
| The questioning fours                       | Na Ceathaireanna Ceisteacha                        |
| lie back/down – sit up                      | luí siar – suí aniar                               |
| Foot, in, in, in (putting on sock/shoe)     | Troigh, isteach, isteach, istigh                   |
| Where is the other sock/shoe?               | Cá bhfuil an leath-stoca/leath-bhróg eile?         |
| Leg in (trousers) leg,... done!             | Cos san os, cos san os,... déanta!                 |
| Hand, in, in, and out! (in sleeves etc.)    | Lámh, isteach, isteach, agus amach!                |
| It is inside out                            | Tá an taobh tuathail amach                         |
| It is on you back to front                  | Tá sé ort droim ar ais                             |
| It is upside down                           | Tá sé bunoscionn                                   |
| Up we go, up,... up! (going up stairs etc.) | Suas linn, suas linn, suas, suas, suas;...; thuas! |
| Down we go, down,... down!                  | Síos linn, síos linn, síos, síos, síos;...; thíos! |
| rough-and-tumble / commotion                | ruaille buaille                                    |
| hubbub / uproar                             | rírá / raic                                        |
| Stop! / Cut that out!                       | Éirí as! – Éirígí as!                              |
| Ye're driving me mad                        | Tá sibh do mo chur soir                            |
| In the name of God!                         | As ucht Dé! / In ainm Chroim!                      |
| The place is in a mess                      | Tá an áit ina ciseach/praiseach                    |
| Tidy up this place right away               | Cuir slacht ar an áit seo láithreach               |
| Do you want to be carried / a hug?          | An bhfuil síob/barróg uait?                        |
| Do you like tickles?                        | An maith leat cigilt/dinglis?                      |

*Tart, tochas, grá— na trí ní nach féidir a cheilt.*

# Ar ais sa bhaile

## Back at home



|                                                           |                                                |
|-----------------------------------------------------------|------------------------------------------------|
| Did you have a nice day today?                            | An raibh lá deas agat inniu?                   |
| How was your day?                                         | Conas mar a bhí do lá?                         |
| How did you get on today?                                 | Cén chaoi ar éirigh leat inniu?                |
| Who were you playing with?                                | Cé lena raibh tú ag súgradh?                   |
| Did anything funny happen?                                | Ar tharla aon rud greannmhar/barrúil?          |
| Did they read any stories today?                          | Ar léigh siad scéalta daoibh inniu?            |
| Were you given anything for me?<br>Any messages or notes? | Teachtaireacht ar bith?                        |
| Why is there a puss on you?                               | Cén fáth a bhfuil pus ort?                     |
| You're not looking too good,<br>are you sick?             | Níl cuma ró-mhaith ort,<br>an bhfuil tú tinn?  |
| Are you/ye hungry?                                        | An bhfuil ocras ort/oraibh?                    |
| What do you want to eat?                                  | Céard atá uait le n-ithe?                      |
| Wash your/yer hands                                       | Nigh do/bhur lámha                             |
| Eat a fruit while you're waiting                          | Ith toradh agus tú ag fanacht                  |
| Would you like a sandwich?                                | Ar mhaith leat ceapaire?                       |
| Are you thirsty?                                          | An bhfuil tart ort?                            |
| Would you like a drink?                                   | Ar mhaith leat deoch?                          |
| Yes I would / No I wouldn't                               | Ba mhaith / Níor mhaith                        |
| Will you have...?                                         | An mbeidh .... agat?                           |
| Yes I will / No I won't                                   | Beidh / Ní bheidh                              |
| Will you eat another one?                                 | An íosfaidh tú ceann eile?                     |
| Yes I will eat / No I won't eat                           | Íosfaidh / Ní íosfaidh                         |
| Wait a second, it's nearly ready.                         | Fan meandar, tá sé beagnach réidh.             |
| Do you... want more? / have enough?                       | An bhfuil... tuilleadh uait? / adhóthain agat? |
| Open/close the (/this/that) door                          | Oscail/dún an doras (seo/sin)                  |
| Switch on/off the light                                   | Las/Múch an solas                              |
| Switch off the (damn) TV                                  | Múch an (diabhal) teilifiseán                  |
| Put it away/down                                          | Cuir/Lag uait é                                |
| Pick that up off the floor                                | Bailigh é sin ón urlár                         |



|                                   |                                      |
|-----------------------------------|--------------------------------------|
| Put the delf/delph over there     | Cuir na soithí/gréithe thall ansin   |
| Clean the table. Quick!           | Glan an bord. Sciop!                 |
| Sweep the floor when you're ready | Scuab an t-urlár nuair atá tú réidh  |
| Don't be annoying your sister     | Ná bí ag cur isteach ar do dheirfiúr |
| Stop! (plural)                    | Éirí as! (Éirígí as!)                |

*Is iad na muca ciúine a itheann an mhin*

## Scéalta: Cois farraige Stories: At the seaside



|                                            |                                                              |
|--------------------------------------------|--------------------------------------------------------------|
| the beach – pebbles – stony beach          | an trá – plúróga – cladrach                                  |
| boat – ship                                | bád – long                                                   |
| carpark – parking                          | carrchlós – locadh/páirceáil                                 |
| charging parking space                     | loca luchtaithe                                              |
| crab – lobster – mackerel                  | portán – gliomach – ronnach                                  |
| sand dune/hill                             | dumhach / méile                                              |
| a fish – fish/fishes                       | iasc – éisc                                                  |
| (rescue) helicopter                        | ingearán (tarrthála)                                         |
| life ring/buoy                             | fáinne tarrthála                                             |
| lighthouse                                 | teach solais                                                 |
| pier – harbour (small – big)               | céibh – caladh – calafort                                    |
| rock/tide pool                             | lochán saíle                                                 |
| sailing boat – (small) – yacht             | bád seoil – gleoiteog – luamh                                |
| sand – sandcastle                          | gaineamh – caisleán gainimh                                  |
| the sea – waves                            | an fharraige – tonnta                                        |
| seagull – gannet – puffin                  | faoileán – ogastún – fuipín                                  |
| seal – dolphin – shark                     | rón – deilf – siorc                                          |
| seashells – shellfish                      | sliogáin – sliogéisc                                         |
| seaweed – rocks                            | feamainn – carraigeacha                                      |
| They are swimming/surfing/fishing /sailing | Tá siad ag snámh/tonnmharcaíocht /iascaireacht/seoltóireacht |

*Chomh ramhar le rón.*

# Moladh agus cion

## Praise and love



|                                      |                                             |
|--------------------------------------|---------------------------------------------|
| Well done!                           | Maith thú/sibh!                             |
| Good boy/girl!                       | Maith an buachaill/cailín!                  |
| Good work!                           | An-obair (go deo)!                          |
| Great work!                          | Sár-obair!                                  |
| Very good!                           | An(a)-mhaith! Rí-mhaith!                    |
| That's nice/lovely!                  | Tá sé sin go deas / go hálainn!             |
| That's excellent!                    | Tá sé sin ar fheabhas!                      |
| That's really neat work!             | Tá an obair sin an-slachtmhar!              |
| Really excellent! Keep it up!        | Ar fheabhas ar fad! Coinnigh ort!           |
| You've done a fantastic job          | Tá obair iontach déanta agat                |
| You're great / That's great / Bravo! | Mo cheol thú!                               |
| That's a beautiful picture           | Is pictiúr álainn é sin                     |
| I like it – I love it                | Is maith liom é – Is breá liom é            |
| I'm very proud of you/ye             | Táim an-bhródúil asat/asaibh                |
| You should be very happy with it     | Ba chóir go bhfuil tú an-sásta leis         |
| love/loveen/dear/pet (addressing)    | A ghrá/lao/pheata/stór/thaisce              |
| my darling child – small child       | mo leanbh bán – leanbán                     |
| pet name for infant                  | bababúna                                    |
| Aren't you lovely/nice/good          | Nach bhfuil tú go hálainn/deas/maith        |
| You're great (for something done)    | Molaim go deo thú                           |
| You/Ye are to be praised (great)     | Tá tú/sibh le moladh                        |
| Would you like a hug?                | Ar mhaith leat barróg/gráin a fháil?        |
| Give each other a hug                | Tabhair barróg/gráin/croí isteach dá chéile |
| kiss – small kiss                    | póg – póigín                                |

*Mol an óige agus tiocfaidh sí.*

# Dea-bhéasach i gcónaí

## Always polite



|                                        |                                 |
|----------------------------------------|---------------------------------|
| Please                                 | Le do thoil / Más é do thoil é  |
| Thankyou                               | Go raibh maith agat             |
| Thanks a lot!                          | Goramíle! / Míle buíochas!      |
| Am I allowed?                          | An bhfuil cead agam?            |
| Would you mind?                        | Ar mhiste leat?                 |
| Good – Great – Perfect                 | Go maith – Ar fheabhas – Foirfe |
| Don't mention it                       | Ná habair é                     |
| You're (very) welcome                  | Tá fáilte (is fiche) romhat     |
| If you wouldn't mind                   | Mura/Muna mhiste leat           |
| I would love to get a drink            | Ba bhreá liom deoch a fháil     |
| I would like to eat an apple           | Ba mhaith liom úll a ithe       |
| I would prefer the other one           | B'fhearr liom an ceann eile     |
| To say after you have sneezed etc.     | Gabh mo leithscéal              |
| To say to someone who has sneezed etc. | Deiseal / Dia linn              |

*Níor bhris focal maith fiacail riamh.*

## Scéalta: Ainmhithe thar lear

### Stories: Animals abroad



|                            |                                |
|----------------------------|--------------------------------|
| bear – polar bear          | mathúin – béar bán             |
| dragon – unicorn           | dragún – aonbheannach          |
| elephant – tusks           | eilifint – starrfhiacra        |
| flamingo – ostrich         | lasairéan – ostrais            |
| hippopotamus               | dobhareach                     |
| lion – tiger – cub         | leon – tíogar – coileán        |
| rhinoceros                 | srónbheannach                  |
| The fierce lion is roaring | Tá an leon fíochmhar ag búiríl |
| whale – walrus             | maol mór – rosualt             |
| The zebra is striped       | Tá an séabra riabhach          |

*Bíonn adharca fada ar na ba thar lear.*

# Bia agus deoch

## Food and drink



|                                            |                                                  |
|--------------------------------------------|--------------------------------------------------|
| apple – apples – apple juice               | úll – úlla – sú úll                              |
| banana – bananas                           | banana – bananaí                                 |
| beans                                      | pónairí                                          |
| beef – venison                             | mairteoil – fiafheoil (fia+feoil)                |
| biscuit – biscuits                         | briosca – brioscaí                               |
| bread – Irish/wholemeal bread              | arán – caiscín                                   |
| bun – buns                                 | borróg – borróga                                 |
| burger – burgers                           | borgaire – borgairí                              |
| butter                                     | im                                               |
| cabbage – kale                             | cabáiste – cáil                                  |
| cereal (for breakfast)                     | gránach                                          |
| cheese ( <i>Ispíní!</i> for photos)        | cáis                                             |
| chicken – wings                            | circeoíl / sicín – eití                          |
| chips – wedges                             | sceallóga – dingeacha                            |
| chocolate – chocolates                     | seacláid – seacláidí                             |
| lamb/pork chop                             | gríscín uaineola/muiceola                        |
| coffee                                     | caife (caifé = a café)                           |
| cracker – crackers                         | craicéir – craicéirí                             |
| cranberry juice                            | sú monóg                                         |
| crisps (chips – US)                        | criospaí / brioscáin                             |
| egg – eggs<br>(version for young children) | ubh – uibheacha<br>gugaí – gugaithe (leanaí óga) |
| fast food                                  | mearbhia                                         |
| fish – fish fingers/cakes                  | iasc – méiríní/cístíní éisc                      |
| fruit                                      | toradh – torthaí (2+)                            |
| garlic                                     | gairleog                                         |
| grapes – grape juice                       | fíonchaora – sú fíonchaor                        |
| ham                                        | liamhás                                          |



|                                 |                                  |
|---------------------------------|----------------------------------|
| honey                           | mil                              |
| ice cream – ice lolly/pop       | uachtar reoite – reoiteog        |
| jam – marmalade                 | subh – subh oráiste              |
| jelly                           | glóthach                         |
| lamb                            | uaineoil (uan+feoil)             |
| leek                            | cainneann                        |
| lemonade                        | líomanáid                        |
| lettuce                         | leitís                           |
| mash – colcannon                | brúitín – cál ceannann           |
| meat                            | feoil                            |
| milk – milk and water mixed     | bainne – anglais                 |
| mineral / soft drink            | mianraí                          |
| mushroom – mushrooms            | beacán – beacáin                 |
| mustard (wholegrain)            | musdard (slánghráinneach)        |
| onion – scallion                | oinniún – scailliún              |
| orange – oranges – orange juice | oráiste – oráistí – sú oráiste   |
| popcorn                         | grán rósta                       |
| pork                            | muiceoil (muc+feoil)             |
| porridge                        | leite / brachán                  |
| potatoes                        | prátaí / fataí                   |
| pudding – black/white           | putóg dhubh/bhán                 |
| raisins                         | rísíní                           |
| rice – rice cake                | rís – císte ríse                 |
| salad                           | sailéad                          |
| salmon – cod – hake – mackerel  | bradán – trosc – cadóg – ronnach |
| sandwich – sandwiches           | ceapaire – ceapairí              |
| sauce (ketchup)                 | anlann (dearg)                   |
| sausages                        | ispíní                           |



|                                |                                                  |
|--------------------------------|--------------------------------------------------|
| smoothie                       | caoineog                                         |
| soup                           | anraith                                          |
| steak – fillet steak           | stéig – curadhmhír                               |
| strawberry - strawberries      | sú talún – sútha talún                           |
| sugar – (artificial) sweetener | siúcra – milseoir (saorga)                       |
| sweet – sweets                 | milseán – milseáin                               |
| tea – herbal tea               | tae – tae luibhe                                 |
| toast                          | tósta / tó ( <i>leanaí óga</i> )<br>arán tíortha |
| tomato – tomatoes              | tráta – trátaí                                   |
| tuna                           | tuinnín                                          |
| vegetables – mixed dish of     | glasraí – sancam soncam                          |
| water – sparkling water        | uisce – uisce súilíneach                         |
| wrap                           | fillteog                                         |
| yogurt                         | iógar / iógart                                   |
| dessert – desserts             | milseog – milseoga                               |

*Is maith an t-anlann an t-ocras.*

## Béilte

### Meals



|                   |                           |
|-------------------|---------------------------|
| meal – light meal | béile – scroid/pronnalach |
| snack             | smaic / smaicín           |
| breakfast         | bricfeasta                |
| lunch             | lón                       |
| dinner            | dinnéar                   |
| supper / tea      | suipéar                   |
| late light meal   | scroid aimeáin            |

# An teach

## The house



### Seomraí agus spásanna eile

#### Rooms and spaces in the home

|                                      |                                |
|--------------------------------------|--------------------------------|
| the attic – the converted attic      | an t-áiléar – an seomra dín    |
| the basement                         | an t-íoslach                   |
| balcony                              | balcóin                        |
| bathroom – shower room               | seomra folctha – seomra ceatha |
| bedroom                              | seomra codlata/leapa/leapan    |
| the dining room                      | an seomra bia/bídh             |
| downstairs/upstairs                  | thíos/thuas staighre           |
| the family/living room               | an seomra teaghlaigh           |
| the garage                           | an garáiste                    |
| garden – lawn                        | garraí/gairdín – plásóg/faiche |
| hallway/corridor                     | dorchla                        |
| the kitchen                          | an chistin/chistineach         |
| the office                           | an oifig                       |
| the pantry (walk-in press)           | an chuile                      |
| the patio (stone/wood floor outside) | an urlann                      |
| the playroom                         | an seomra súgartha/spraoi      |
| the porch                            | an t-ardam                     |
| the sitting room                     | an seomra suite/suí            |
| the stairs                           | an staighre                    |
| the sunroom                          | an grianán                     |
| the utility/laundry room             | an seomra níocháin             |
| the walk-in wardrobe                 | an ghléaslann                  |

*Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine.*



## Troscán agus earraí tí

### Furniture and household items



## An chistineach agus an seomra níocháin

### The kitchen and the utility/laundry room

|                                             |                              |
|---------------------------------------------|------------------------------|
| bib / dribbler                              | prioslóir – prioslóirí       |
| blender                                     | cumascóir                    |
| bowl – footed bowl                          | babhla – cuach               |
| butter dish with cover                      | teach ime                    |
| chair – stool                               | cathaoir – stól              |
| chopsticks                                  | cipíní itheacháin            |
| clock – timer                               | clog – uaineadóir            |
| cloth for cleaning                          | ceirt                        |
| cooker                                      | sorn                         |
| coaster                                     | fo-ghloine                   |
| cup - handle                                | cupán - cluas                |
| cutlery                                     | sceanra                      |
| delf / delph / crockery                     | soithí / gréithe             |
| dish - (small/side)                         | mias - taobhóg               |
| dish for child with high sides and sections | losaid linbh                 |
| dishwasher                                  | niteoir soithí / miasniteoir |
| doorway                                     | doras                        |
| dustpan                                     | sluasaidín bruis             |
| fork - handle                               | gabhlóg - cos                |
| freezer                                     | reoiteoir                    |
| fridge                                      | cuisneoir                    |
| frying pan - handle                         | friochtán - dom              |
| a glass                                     | gloine                       |
| hob                                         | iarta                        |
| hoover / vacuum cleaner                     | folúsghlantóir               |

|                                |                       |
|--------------------------------|-----------------------|
| an iron – ironing board        | iarann – clár iarnála |
| jug                            | crúiscín              |
| the kettle                     | an túlán/citeal       |
| a knife - handle               | scian - cos           |
| laundry basket                 | ciseán níocháin       |
| microwave (oven)               | micreathonnán         |
| mop and bucket                 | mapa agus buicéad     |
| mug                            | ciota / muga          |
| oven                           | oigheann              |
| pot / saucepan                 | corcán                |
| press (cabinet)                | cófra                 |
| sink – tap                     | doirteal – sconnna    |
| spatula                        | spadal                |
| spoon – wooden spoon           | spúnóg – cnáiscín     |
| floor brush                    | scuab urláir          |
| table – island                 | bord – oileán         |
| tea towel                      | éadach soithí         |
| tray – tray with foldable legs | tráidire – losaid     |
| tumble dryer                   | triomadóir éadaigh    |
| washing machine                | inneall níocháin      |
| weighing scales                | meá                   |



## An seomra suí – an seomra teaghlaigh

### The sitting room – the family/living room




|                                 |                              |
|---------------------------------|------------------------------|
| armchair                        | cathaoir bhog/uilleann       |
| beanbag                         | mála urláir                  |
| bookcase                        | leabhragán                   |
| coffee table                    | bord íseal                   |
| computer – laptop               | ríomhaire – ríomhaire glúine |
| couch / sofa / settee           | tolg                         |
| drapes                          | brait fuinneog               |
| fireplace – a fire              | tinteán – tine               |
| lamp                            | lampa / lamphaire            |
| a light – light bulb            | solus – bolgán               |
| mantelpiece                     | matal / clabhar              |
| projector                       | teilgeoir                    |
| rug                             | súsa                         |
| shelf                           | seilp                        |
| stove (for heat)                | sornóg                       |
| switch – button                 | lasc – cnaipe                |
| television (object) – (service) | teilifiseán – teilifís       |

*Níl aon tinteán mar do thinteán féin.*

## An seomra codlata (codalta)

### The bedroom



|                            |                      |
|----------------------------|----------------------|
| bed – bedsheets            | leaba – bráillíní    |
| blanket                    | pluid                |
| blinds – curtains          | dallóga – cuirtíní   |
| carpet                     | brat urláir          |
| chest of drawers / dresser | cófra tarraiceán     |
| desk                       | deasc / dasc / obord |
| duvet / quilt / eiderdown  | clúmhán              |
| handle (door, drawer etc.) | murlán               |
| pillow                     | adhairt / piliúr     |
| poster                     | fógrán               |
| wardrobe – hanger          | vardrús – crochadóir |
| (window) sill              | tairseach (fuinneog) |

## An seomra folctha

### The bathroom



|                                  |                                      |
|----------------------------------|--------------------------------------|
| bath – bathrobe                  | folcadán – fallaing folctha          |
| bin                              | araid / bosca bruscair               |
| bodywash                         | folcadh colainne                     |
| comb – hairbrush                 | cíor – scuab ghruaige                |
| deodorant – perfume/cologne      | díbholaíoch – cumhrán                |
| Don't be splashing               | Ná bí ag slaparnach plobarnach       |
| Don't forget to flush the toilet | Ná dearmad an leithreas a shruthlú   |
| Flush the toilet                 | Sruthlaigh an leithreas              |
| makeup / cosmetics               | smideadh (smidiú)                    |
| mirror                           | scáthán                              |
| plug (for bath, basin etc.)      | bundallán                            |
| potty                            | pota                                 |
| shampoo – conditioner            | folthfolcadh – feabhsaitheoir        |
| shower                           | cith (cithfholcadán)                 |
| shower gel                       | glóthach chithfholctha / gló cheatha |
| soap – handwash (liquid)         | gallúnach – gallúnach láimhe         |
| sponge                           | múscán – spúinse                     |
| step – steps                     | céim – céimeanna                     |
| toilet – toilet paper            | leithreas – páipéar leithris         |
| toothbrush – toothpaste          | scuab fiacla – taos fiacla           |
| towel – facecloth                | tuáille – ceirt éadain               |
| washbasin – tap                  | doirtilín – sconná                   |
| cold/hot water                   | uisce fuar/te                        |

*Is féidir glanadh síos ach ní féidir glanadh suas.*



# Am luí / Am codlata (codalta)

## Bedtime



|                                         |                                            |
|-----------------------------------------|--------------------------------------------|
| It's bedtime now                        | Tá am luí ann<br>Tá sé in am codlata anois |
| Brush your teeth, please                | Scuab d'fhiacla, le do thoil               |
| Put on your clothes for bed (pyjamas)   | Cuir ort d'éadaí codlata (/do phitseámaí)  |
| Goodnight, sleep tight my love          | Oíche mhaith, codladh sámh a rún           |
| Sleep tight loveen                      | Codladh sámh a lao/thaisce                 |
| Give me a hug and a kiss                | Tabhair barróg agus póg dom                |
| You're my special boy/girl              | Is tusa mo bhuachaill/chailín bán          |
| I love you                              | Grá mo chroí thú                           |
| Would you like to read a story?         | Ar mhaith leat scéal a léamh?              |
| I'll read you a story, pick a book      | Léifidh mé scéal duit, roghnaigh leabhar   |
| Would you like to choose a second book? | Ar mhaith leat dara leabhar a roghnú?      |

*Tosach sláinte codladh.*

## Scéalta: Ainmhithe ar an bhfeilm/bhfeirm

### Stories: Animals on the farm



|                                   |                                   |
|-----------------------------------|-----------------------------------|
| badger – stoat                    | broc – easóg                      |
| bee – bumblebee                   | beach – bumbóg                    |
| bird – nest – eggs                | éan – nead – uibheacha            |
| cat – kitten                      | cat – piscín                      |
